



CAIRDE NA SCOILE Nuachtlítir Meán Fómhair 2016



Fáilte ar ais roimh gach éinne ó Chairde na Scoile!

Tá nuacht anseo faoi gCruinniú Cinn Bliana, an coiste nua agus an chéad imeacht eile, Dioscó Oíche Shamhna.



Coinnigh súil ar an leathanach Facebook d'úsdátaí!

CCB

Tionóladh an Cruinniú Cinn Bliana ar scoil ar an 13ú Meán Fómhair. D'éirigh go han-mhaith leis an gcoiste idir imeachtaí tiomsaithe airgid agus imeachtaí eile. Chruinnigh an coiste beagáinín níos mó ná €15,000 don scoil. Maith sibh agus míle buíochas le gach éinne a chabhraigh bealach ar bith.

Ritheadh an-chuid imeachtaí agus i measc na gcinn ba mhó ratha, bhí Rith sa bPuiteach, Tráthnóna Spraoi agus an Dioscó Oíche Shamhna. Bhí tuistí an-sásta leis an bhfáiltiú don Chomaoineach agus don Chóineartú. Ritheadh na himeachtaí seo ar chostais an-íseal agus luadh ag an gcrúinniú nach amhlaidh a bheadh fíor mu-rach flaithiúlacht na dtuistí.

Cuireadh Tuairisc an Chisteora iomlán i láthair ag an CCB ar an 13-09-16 agus tógadh cinneadh ag an gcrúinniú ar an 20-09-16, go gcoimeádaí €2000 i gcuntas Chairde (mar is gnáth) agus go n-aistreofaí an chuid eile do chuntas an Bhoird. Coimeadfar an t-airgead seo go dtí go dtógfar cinneadh cén bealach leis an airgead a chaitheamh. Tá an-áthas orainn bheith in ann é seo a dhéanamh agus táimid go mbeimid in ann cabhrú le tógáil naíonra ar an suíomh.

Coiste Nua

Cuireadh coiste nua le chéile do scoilbhliain 2016-2017 le chéile ar an 20-09-16 agus tá meascán maith tuismitheoirí bainteach le ranganna éagsúla tríd an scoil. Tá 20 tuismitheoir ar an gcoiste agus tá liosta thíos d'oifigigh nua agus sonraí teagmhála. Guimíd gach rath orthu sa bhliain amach romhainn. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le baill an choiste a rinneadh sár-obair an bhliain seo caite, agus buíochas faoi leith dóibh siúd atá ag tógáil sosa i mbliana. Ná bíodh leisce ort dul i dteagmháil le ball den choiste má bhíonn aon cheisteanna nó smaointí agat.

Name	Role	Email	Phone
Bairbre Carthy	Chairperson	bcarthy@gmail.com	0868135086
Keira Kelly	Vice Chairperson	keirakelly.t@gmail.com	0873857437
Antoinette Conway	Secretary	antoinetteconway10@gmail.com	0862842641
Anne O'Loughlin	Vice Secretary	annieoloughlin@gmail.com	0879889180
Moira Kelly	Treasurer	moiraweldon@eircom.net	0879245915
Karl Reynolds	Vice Treasurer	Karl.reyolds@scandisk.com	0879306493



DioscÓ Oíche Shamhna!

Beimid ag tosú amach i mbliana le DioscÓ Oíche Shamhna. Bhí am iontach ag na páistí aige seo anuraidh! Seo a leanas na sonraí :

Céard?	DioscÓ Oíche Shamhna GSBB 2016!
Cathain?	Dé hAoine, 28ú Deireadh Fómhair 1pm – 1.30pm Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha 1.30pm – 2.30pm (Rang 1-6)
Cén Áit?	Halla maisithe na Scoile!
Cé Mhéid?	€5 an pháiste agus úsmhéid de €10 don chlann Baileofar an t-airgead ar lá an DioscÓ; <input type="checkbox"/> Beidh clúdaigh litreach ar fáil i málaí na bpáistí ón Luan, an 24-10-16 <input type="checkbox"/> Seolan t-airgead isteach sa chlúdach litreach roimh an Aoine, an 28-10-16, le do thoil.
Eolas Breise	<input type="checkbox"/> Gléasadh! <input type="checkbox"/> Málaí le rudaí deasa le n-ithe do gach páiste <input type="checkbox"/> DJ don cheol! <input type="checkbox"/> Spot-dhuaiseanna ar an lá!

Bí gníomhach- Glac páirt in imeachtaí!

Más mian leat páirt a ghlacadh in imeachtaí na bliana, (ie cabhrú ar an lá, tae/caifé, glanadh, airdead a bhailiú, ticéid a dhíol), inis dúinn le do thoil – bheadh fáilte mhór romhat

Le meas,
Cairde na Scoile



Facebook

Ná dean dearmad féachaint ar leathanach facebook Chairde

<https://www.facebook.com/CairdeNaScoile>